

6.9.2023

A9-0233/311

Leasú 311

Gianna Gancia, Catherine Griset, Matteo Adinolfi, Gianantonio Da Re, Rosanna Conte, Silvia Sardone, Mathilde Androuët, Danilo Oscar Lancini, Aurélia Beigneux
thar ceann an Ghrúpa ID

Tuarascáil

A9-0233/2023

Javi López

Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip
(COM(2022)0542 – C9-0364/2022 – 2022/0347(COD))

Togra le haghaidh Treorach

Aithris 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(8 a) Faoin gcur chuige ‘a oireann do chách’, ní dhéanfaí na dálaí moirfeolaíocha agus aeráide uathúla in a lán críoch de chuid an Aontais a chur san áireamh go cuí. Dá bhrí sin, mar thoradh ar an Treoir seo a chur chun feidhme, d’fhéadfadh impleachtaí eacnamaíocha agus sóisialta tromchúiseacha a bheith ann ar Bhallstáit atá ag streachailt cheana chun na spriocanna dúshlánacha atá ann a fhorchuirtear leis na Treoracha a aisghairtear leis an Treoir seo a bhaint amach.

Or. en

6.9.2023

A9-0233/312

Leasú 312

Gianna Gancia, Sylvia Limmer, Catherine Griset, Matteo Adinolfi, Gianantonio Da Re, Rosanna Conte, Silvia Sardone, Mathilde Androuët, Danilo Oscar Lancini, Aurélia Beigneux

thar ceann an Ghrúpa ID

Tuarascáil

A9-0233/2023

Javi López

Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip
(COM(2022)0542 – C9-0364/2022 – 2022/0347(COD))

Togra le haghaidh Treorach

Airteagal 1 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2. Leagtar síos sa Treoir seo teorainnluachanna idirmheánacha, spriocluachanna, oibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála, cuspóirí maidir le tiúchan na meánteagmhála, leibhéil chriticiúla, tairseacha faisnéise, tairseacha foláirimh agus cuspóirí fadtéarmacha ('caighdeán cáilíochta aeir') atá le comhlíonadh faoin mbliain **2030**, agus a ndéanfar athbhreithniú rialta orthu ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 3.

2. Leagtar síos sa Treoir seo teorainnluachanna idirmheánacha, spriocluachanna, oibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála, cuspóirí maidir le tiúchan na meánteagmhála, leibhéil chriticiúla, tairseacha faisnéise, tairseacha foláirimh agus cuspóirí fadtéarmacha ('caighdeán cáilíochta aeir') atá le comhlíonadh faoin mbliain **2040**, agus a ndéanfar athbhreithniú rialta orthu ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 3.

(Tá feidhm ag an leasú seo ar fud an téacs. Má ghlactar é, beidh gá le hathruithe comhfhreagracha ar fud an téacs.)

Or. en

6.9.2023

A9-0233/313

Leasú 313

Gianna Gancia, Catherine Griset, Matteo Adinolfi, Gianantonio Da Re, Rosanna Conte, Silvia Sardone, Mathilde Androuët, Danilo Oscar Lancini, Aurélia Beigneux
thar ceann an Ghrúpa ID

Tuarascáil

A9-0233/2023

Javi López

Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip
(COM(2022)0542 – C9-0364/2022 – 2022/0347(COD))

Togra le haghaidh Treorach

Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1. Faoin 31 Nollaig **2028**, agus gach **5** bliana ina dhiaidh sin, agus níos minice má léiríonn torthaí eolaíoch nua substaintiúla go bhfuil gá leis, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an bhfianaise eolaíoch a bhaineann le truailléin aeir agus a n-éifeachtaí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol atá ábhartha chun an cuspóir a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach agus cuirfidh sé tuarascáil ina mbeidh na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

1. Faoin 31 Nollaig **2033**, agus gach **10** mbliana ina dhiaidh sin, agus níos minice má léiríonn torthaí eolaíoch nua substaintiúla go bhfuil gá leis, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an bhfianaise eolaíoch a bhaineann le truailléin aeir agus a n-éifeachtaí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol atá ábhartha chun an cuspóir a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach agus cuirfidh sé tuarascáil ina mbeidh na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(Tá feidhm ag an leasú seo ar fud an téacs. Má ghlactar é, beidh gá le hathruithe comhfhreagracha ar fud an téacs.)

Or. en

6.9.2023

A9-0233/314

Leasú 314

Gianna Gancia, Sylvia Limmer, Matteo Adinolfi, Catherine Griset, Gianantonio Da Re, Rosanna Conte, Silvia Sardone, Danilo Oscar Lancini, Aurélia Beigneux
thar ceann an Ghrúpa ID

Tuarascáil

A9-0233/2023

Javi López

Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip
(COM(2022)0542 – C9-0364/2022 – 2022/0347(COD))

Togra le haghaidh Treorach

Airteagal 18 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1. In aon chás, i limistéar áirithe , nuair nach féidir comhlíonadh na dteorainnluachanna le haghaidh ábhar cáithníníeach (PM₁₀ agus PM_{2.5}) nó dé-ocsaíd nítrigine a bhaint amach faoin spriodhata atá sonraithe i dTábla 1 de Roinn 1 d'Iarscríbhinn I, mar gheall ar shaintréithe scaipthe a bhaineann go sonrach le suíomh, dálaí teorann oragrafacha, dálaí aeráide díobhálacha nó rannchuidithe trasteorann, féadfaidh Ballstát an spriodhata sin a chur siar ***aon uair amháin faoi uastréimhse 5 bliana*** don limistéar áirithe sin , má chomhlíontar na coinníollacha a leanas:

1. I gcás, i limistéar ar leith, nach féidir comhlíonadh na dteorainnluachanna le haghaidh ábhar cáithníníeach (PM₁₀ agus PM_{2.5}) nó dé-ocsaíd nítrigine a bhaint amach faoin spriodhata atá sonraithe i dTábla 1 de Roinn 1 d'Iarscríbhinn I, mar gheall ar shaintréithe scaipthe a bhaineann go sonrach le suíomh, dálaí teorann oragrafacha, dálaí aeráide díobhálacha nó rannchuidithe trasteorann, féadfaidh Ballstát an spriodhata sin a chur siar don limistéar áirithe sin, má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

Or. en